

NUACHTLITIR EALAÍN NA GAELTACHTA



Fáilte chuig Nuachtlitir míosúil Ealaín na Gaeltachta

***Go leor ar siúl an
mhí seo.....***

- Scéimeanna
- Ranganna
- Deiseanna
- Féilte

Oireachtas na Samhna, 'buaicphointe na bliana do lucht na Gaeilge agus Gaeltachta.

Comhghairdeas le foireann Oireachta na Samhna as féile eile den scoth a reáchtáil arís i 2019. Ba mhaith le hEalaín na Gaeltachta comhghairdeas a ghabháil le rannpháirtithe agus le buaiteoirí chomórtais Oireachtas na Samhna agus leo siúd a choinníonn nahealaíon traidisiúnta beo bríomhar ó cheann ceann na bliana. Go maire sibh buan!

Tá dóchas inár gcroíthe tar éis an méid ealaíontóirí, is sibhse a cothaíonn agus a gríosaíonn gach gné d'ár gcultúr - an teanga, an ceol, an rince, an amhránaíocht, an drámaíocht, na hagallaimh, díospóireacht agus taispeántais de gach cineál. Tá moladh mór tuilte ag na heagrais ar fad agus na múinteoirí a thacaíonn leo.

Thug Máire Ní Choilm, amhranaí Seán-Nós as Mín an Iolair i nGaoth Dobhair ó dhúchas, leí an duais mhór 'Corn Uí Riada', Cloíonn sí lena stíl agus dúchas féin i gcónaí agus an t-aitheantas faighte aici.



@TG4



An tOireachtas
GRÉASÁN NA hGAEL

Imeachtaí

An tIonad Cultúrtha, Baile Mhúirne


Tá clár an fhómhair a sheoladh agus réimse breá imeachtaí idir ceoil, fisealaíon, filíocht agus scannánaíocht. Bí ag faire amach do shaothar ealaíne Fiona Kelleher (amhráin), Caoimhín Vallely (pianó), Dónal Ó Céilleachair (scannánaíocht), Four Men and a Dog, maraon le ceoltóirí iomráiteach na háite i gcomhlúadar iontach.



An Gailearaí, Gaioth Dobhair

Taispeántas

'Dath an Uisce/Ab Origine'
le Davig Gepp.



Amharclann Ghaioth Dobhair



14-17/11/2019

Ceoldhráma Pobalscoil Ghaioth Dobhair - "High School Musical"

23/11/2019

Ceolchoirm le Máire Ní Bhraonáin & Cormac De Barra

29-30/11/2019

Teach Bhernarda Alba - Aisteoirí Ghaioth Dobhair

Áras Inis Ghluairé, Béal an Mhuirthead

Clár imeachtaí le fáil ar an suíomh



InterFace

Clár Cónaitheach d'ealaíontóirí sa nGleann Eidhneach i gConamara.

Féilte / Imeachtaí

An Fhéile Bheag Filíochta Corca Dhuibhne, 8-10 Samhain



Tá féasta filíochta i ndán ag an bhFéile Beag Filíochta i mbliana, le ceardlann, seimineár agus léamh filíochta ó Nuala Ní Dhomhnaill agus Eiléan Ní Chuilleanáin, léacht ar fhilíocht Mhichíl Uí Chuithín á thabhairt ag Séamus Barra Ó Suilleabháin, seimineár ar thodhchaí fhoilsitheoireacht na filíochta Gaeilge le Micheál Ó Chonghaile, Ciara Ní É agus Pádraig Ó Snodaigh, le Pádraig Mac Fheargusa sa chathaoir, agus mar cheolchoirm na féile i mbliana, beidh an seó ilmheánach Siar agus Aniar, chomhléiriú de chuid IMRAM agus Acadamh Ríoga na hÉireann, bunaithe ar shaothar na scríbhneoirí Gaeilge sa leabhar *Modern Ireland in 100 Artworks*, a raibh Máirín Nic Eoin ina eagraitheoir Gaeilge ar. Anuas ar sin beidh seoladh leabhair, léamhanna oscailte filíochta, oíche bhothántaíochta, siúlóid oidhreacht agus a thuilleadh eile nach iad.

www.feilebheagfiliochta.com

Ealaíontóir Gaeltachta ag tabhairt aghaidh ar Pháras

Beidh an t-amhránaí agus ceoltóir iomráiteach Breannán Ó Beaglaoidh ag caitheamh mí sa Centre Culturel Irlandais go luath le thacaíocht Ealaín na Gaeltachta. Seo an dara bhliain as a chéile gur chuaigh Ealaín na Gaeltachta i gcomhair leis an Centre Culturel chun tréimhse cónaitheach míosa a thairiscint d'ealaíontóir Gaeltachta. Beidh Breannán i mbun scríobhnóireachta agus é i bPáras, ag tabhairt faoi dlúthdhiosca d'amhráin i dteannta Glen Hansard agus ag déanamh taifead nua le Rosie McKenzie. Beidh sé páirteach i gceolchoirm ann ar an chéad lá fichid de mhí na Samhna i dteannta a mhac Cormac agus Liam Ó Maonlaí. Beidh deis eile d'ealaíontóirí Gaeltachta mí a chaitheamh sa Centre Culturel Irlandais á fhógairt i mhí na Samhna 2019. Tuilleadh imeachtaí *anseo*:

www.centreculturelirlandais.com



Tobar na Leabhair


'Seanchás Sheáin Néill' - Bríd Anna Ní Bhaoill



Íomhá @EoinMcGarvey

Sheol Dinny Dhónaill Ó Dómhnaill (thall) an dlúthdhiosca úr 'Seanchás Sheáin Néill' leis an scéalaí iomráiteach Brídanna Ní Bhaoill as Rann na Feirste. Bhí oíche thar a bheith speisialta ann, agus tá moladh mór tuillte ag gach duine a bhí páirteach san ócáid.

Cath Fionntrá - Aogán Ó Muircheartaigh & Domhal Ó Bric



Tá leagan úr don scéal fiannaíochta Cath Fionntrá foilsithe ag An Sagart le déanaí le an-mheas léirithe cheana féin ar léaráidí uathúil an t-ealaíontóir Domhnal Ó Bric, atá lárnach sa leabhair agus a insíonn an scéal iontu féin, agus ar insint nua dhá-theangach an fhile agus iar-chraoltóir Aogán Ó Muircheartaigh.

Tá an leabhar ar fáil ón Siopa Leabhar ag an nasc seo: www.siopaleabhar.com



'Mór is Muile' - John Óg Hiúdaí Neidí Ó Colla a d'aithris

Is scéal traidisiúnta é seo faoi bheirt charachtar, Mór agus Muile, agus mar a chasann siad le portán ar an trá agus na heachtraí uilig a tharlaíonn dóibh ina dhiaidh sin. Leabhar pictiúr do pháistí, maisithe go gleoite ag [Kim Sharkey](#). Scéal béaloidis ó Thír Chonaill atá chomh sean leis an cheo, ach atá chomh fíor inniu agus bhí an chéad lá a dúradh é. www.eabhloid.ie



Nuacht

Ealaíontóirí Gaeltachta i Nua-Eabhrac

Le tacaíocht ó Cultúr Éireann, tá scoth na healaíontóirí Éireannach ag tógáil racán sna Stáit Aontaithe. Chuir an compántas Gaeltachta 'Teac Damhsa' an leiriú de 'Loch na hEala / Swan Lake' a osclóidh an Clár 'First Wave' in Acadamh Ceoil Brooklyn. Beidh an chéad taibhiú, a léiriú i Nua-Eabhracha sula dtéann sé ar chamchuairt timpeall na Stáit Aontaithe.



Straitéis Náisiúnta d'Ealaíona Teangabhunaithe na Gaeilge



Fáiltíonn Ealaín na Gaeltachta roimh an Straitéis Náisiúnta d'Ealaíona Teangabhunaithe na Gaeilge atá dá réiteach faoi láthair don Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta. Tá tús curtha leis an bpróisis comhairleoireachta só más cleachtóir, duine don lucht éisteachta, nó duine a bhfuil suim acu sna healaíona teangabhunaithe tú, seo deis do ghuth a bheith le clos sa Straitéis seo agus dul i bhfeidhm ar an bpleanáil thábhachtach. Fáiltíonn an foireann taighde roimh mholtaí, tuairimí, agus aighneachtaí ón bpobal. Labhair leo ag ealaionateangabhunaithe.ie Glacfar le aighneachtaí agus moltaí suas go dtí an 31 Nollaig 2019.



Nuacht - An Óige

Na hEalaíona Dúchasacha don Óige **Scéim Nóta**



Tá áthas ar Ealaín na Gaeltachta, Scéim Nóta a fhógairt, mar chuid den Chlár sna hEalaíona Dúchasach don Óige. Tá sonraí agus breis eolais mar gheall ar an scéim seo thíos:

Spríodhata: 08/11/2019

Réimse maoinithe: €300 - €1,000

Foirm Iarratas:

<https://ealain.ie/sceim-nota-2/>

Tá Scéim NÓTA oscailte do ghrúpaí agus daoine aonaracha sna ceantair Gaeltachta le breis deiseanna don óige sna healaíona dúchasacha a fhorbairt taobh amuigh de sholáthar clár agus ranganna.

Is scéim straitéiseach í seo ina bhfuiltear ag súil go mbeidh borradh le rannpháirtíocht an óige sna healaíona dúchasacha ag leibhéal pobail agus go/chun go mbeidh an óige fite fuaite le cultúir na healaíona dúchasacha sna ceantair Gaeltachta. Sa chás seo, is ionann na healaíona dúchasacha agus na rudaí seo leanas: ceol uirlise, amhránaíocht Ghaeilge, na healaíona béil (agallamh beirte, lúibíní, scéalaíocht) agus damhsa.

Seo thíos roinnt samplaí de réimsí maoinithe na scéime seo:

- v Imeachtaí Óige Aon Uaire (ceardlann, ceolchoirm, malartú 'srl)
- v Sraith himeachtaí don óige (mar shampla seisiúin, oícheanta airneáin)
- v Imeachtaí Idir ghlúine
- v Cúrsaí agus Forbairt gairme d'ealaíontóirí dúchasacha
- v Comhdháil agus féilte

Caithfidh iarrthóirí foirm iarratais a líonadh ina gcuirfear síos ar an togra, imeacht nó forbairt atá beartaithe

Spriocdháta leanúnach

Deiseanna Eile

Éigse Éireann



Coinnigh do shúil amach do deiseanna do scríbhneoirí ag an nasc thíos.

www.poetryireland.ie/writers/opportunities/

Fís Éireann



Tacaíonn an Spotlight Development Fund

le scríbhneoir, le foirne scríbhneoirí, nó le foireann scríbhneoirí agus stiúrthóirí chun tionscadal beo nó gnéscannán beoite a scríobh ón gcéim samplach den cóireála agus radhairc. Tá dámhachtainí de suas le € 8,000 ar fáil do dhuine aonair nó suas le € 10,000 i gcás foirne de bheirt nó níos mó. I gcomhar le Screen Skills Ireland, cuirfear meantóir agus eagarthóir scripte ar fáil do gach iarratasóir rathúil thar roinnt míonna.

Create: Scéim Ealaíontóirí sa Phobal



Cuireann Scéim Ealaíontóirí sa Phobal na Comhairle Ealaíon, atá a bhainistiú ag an eagraíocht Create, dámhachtain ar fáil chun cur ar cumas ealaíontóirí agus/nó pobail áite a bheith ag obair le chéile ar thionscadail.

Is í aidhm na scéime ná comhoibriú a spreagadh idir pobail áite agus ealaíontóirí. Tá sé riachtanach go ndéanfaí comhairliúchán idir an t-ealaíontóir agus an pobal, ionas go mbeidh an dá dream páirteach i gcinneadh a dhéanamh ar nádúr réadú an tionscadail. Tá Sparánacht 2019 dírithe ar tacú le healaíontóirí drámaíochta gairmiúla (i gcomhphaitíocht le Dublin Fringe Festival). Tugann an sparánacht €10,000 am agus acmhainní don ealaíontóir roghnaithe chun taighde a dhéanamh agus machnamh a dhéanamh ar a gcleachtas drámaíochta.



Spríodhata: 11 Samhain 2019

Tuilleadh eolais:

www.create-ireland.ie/programme/artist-in-the-community-scheme/

Deiseanna

TULCA - Féile na Físealaíona Clár Deonach



Ar mhaith leat a bheith páirteach i bhFéile na Físealaíona is spreagúla in Iarthar na hÉireann?

Tá iarratais a lorg ag TULCA anois ó oibrithe dheonacha d'Fhéile 2020.

Má tá neart fuinnimh agat, agus más mian leat a bheith i gcroílár na foirne spreagúla is é TULCA an áit duit!

Nuair a ghlacann tú páirt i bhFéile TULCA tugtar taithí cheart duit ar an am, fuinneamh agus tiomáint uailmhian a bhaineann le táirgeadh agus i reáchtáil Féile Ealaíona comhaimseartha.

Is mór an meas a bhíonn ag Féile TULCA ar ár oibrithe deonacha uilig mar gur thosaigh an chuid is mó d'fhoireann TULCA mar oibrithe deonacha.

Téigh i dtéagmháil le volunteer@tulca.ie le haghaidh tuilleadh eolais.

Chomhairlí Chontae Chiarraí - Rannóg Ealaíona

Fáiltíonn Oifigí Ealaíona Chomhairlí Chontae Chiarraí roimh iarratais ar a gcuid deontaisí ealaíne do 2020.

Spriocdháta: 16 Nollaig ag 1 i.n.

www.kerrycoco.ie/arts/arts-forms/



Ná deanaigí dearmad teagmháil a dhéanamh linn ag ealain@udaras.ie má tá aon bhlúirín eolais agaibh ar mhaith libh a fhógairt nó má tá aon chomhairle uait maidir le tionscnamh ealaíne a fhorbairt sa Ghaeltacht



Eolas Fúinn



Micheál Ó Fearraigh
Feidhmeannach Forbartha Ealaíne
r/p: m.fearraigh@udaras.ie
t: +353 (0)74 95 60100




Muireann Ní Dhroighneáin
Áisitheoir Ealaíona Connacht & Co. na Mí
r/p: m.nidhroighneain@udaras.ie
t: +353 (0)91 503 100




Rachel Holstead
Áisitheoir Ealaíona Mumhan
r/p: r.holstead@udaras.ie
t: +353 (0)66-9150100



Danielle Nic Pháidín
Áisitheoir Ealaíona Thír Chonaill
r/p: d.nicphaidin@udaras.ie
t: +353 (0)74 95 60100



Elaine Scahill
Comhordaitheoir sna hEalaíona Dúchasacha don Óige
r/p: e.scahill@udaras.ie
t: +353 (0)91 503 100



Máire Áine Uí Ailín
Riarthóir ar Chlár sna hEalaíona Dúchasacha don Óige
r/p: m.uiailin@udaras.ie
t: +353 (0)91 503 100